AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 17.2.2022
COM(2022) 43 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil leath-bhliantúil maidir le forghníomhú oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU de bhun Airteagal 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2502 ón gCoimisiún**

**Meitheamh - Nollaig 2021**

GA GA


## Clár na nÁbhar


1. Réamhrá ............................................................ 2
2. Príomhthorthaí an chláir cistiúcháin NextGenerationEU ............................................................ 2
3. Straitéis Cistiúcháin NextGenerationEU a chur ar bun agus a chur chun feidhme ..... 6
4. Conclúid ............................................................ 11

Iarscríbhinn. Forléargas ar eisiúintí bannaí agus billí ............................................................ 13

# Cistiú NextGenerationEU

an 31 Nollaig 2021




**Iasachtaíocht fhadtéarmach**

Bannaí-AE €71 bhilliún
lena n-áirítear €12 bhilliún i mbannaí glasa

**Iasachtaíocht ghearrthéarmach**

€25 bhilliún a eisíodh i mBillí-AE 3 mhí agus 6 mhí lena n-áirítear €20 billiún atá fós gan íoc

**PRÍOMHFHÍRICÍ**

- Cúig shindeacáit, dhá cheant
- Meánchostas cistithe 0.14 %
- Bhí an t-éileamh 7 n-oiread suas le beagnach 14 oiread níos mó ná an soláthar

**PRÍOMHFHÍRICÍ**

- Seacht gceant
- Meántoradh -0.78 %
- Cóimheas tairisceana-cumhdaigh de 2.55x

# Úsáid fáltas

an 31 Nollaig 2021




**PRÍOMHFHÍRICÍ**

- Fuair 20 Ballstát deontais agus iasachtaí faon tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[2]
- Íocaíochtaí laistigh de 6 lá ó shíniú na gComhaontuithe Iasachta agus Maoiniúcháin

[1] Tá an buiséad ar fáil d'Fhís Eorpach, do Chiste InvestEU, do ReactEU, don Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU), don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus don Chiste um Aistriú Cóir. D'fhéadfadh eisíocaíochtaí iarbhír le tairbhithe deiridh a bheith níos ísle, mar gheall ar dhifríochtaí uainiúcháin.

(2) Formheasadh Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta de chuid 22 Bhallstát faoi dheireadh 2021, ach fuair Ballstát amháin réamh-mhaoiniú i mí Eanáir 2022 agus níor iarr Ballstát amháin réamh-mhaoiniú.

## 1. Réamhrá

Is é atá in NextGenerationEU clár cistithe ceannródaíoch is féidir suas go 5 % de OTI an Aontais a shlógadh trí iasachtaí a fháil chun freagairt chomhchoiteann agus chumhachtach de chuid an Aontais ar phaindéim COVID-19 a mhaoiniú. Is ionstraim shealadach é NextGenerationEU, faoinar féidir leis an gCoimisiún suas go EUR 800 billiún a thiomsú idir lár 2021 agus 2026 trí eisiúint bannaí. Le fáltais na heisiúna bannaí sin, cuirfear ar chumas an Aontais na dúshláin téarnaimh láithreacha a shárú agus dlús a chur leis an aistriú glas agus le digitiú gheilleagar an Aontais freisin. Tiomsófar suas go 250 billiún trí eisiúint bannaí glasa NextGenerationEU. Is é atá i gceist le NextGenerationEU eisiúint bannaí bhliantúil is fiú suas le tuairim is EUR 150 billiún in aghaidh na bliana ar an meán idir lár 2021 agus 2026, rud a fhágann go bhfuil an tAontas ar cheann de na heisitheoirí fiachais arna sloinneadh in euro is mó sna blianta beaga amach anseo.

Leis an tuarascáil seo – an chéad tuarascáil leathbhliantúil de bhun Airteagal 12 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2021)2502 ón gCoimisiún – déantar athbhreithniú ar chur chun feidhme straitéis cistiúcháin NextGenerationEU le linn na tréimhse Meitheamh – Nollaig 2021. Sa tuarascáil dírítear go hiomlán ar an bpróiseas a chuirtear chun feidhme chun cistiú a thiomsú agus a eisíoc le haghaidh NextGenerationEU. Ní dhéantar meastóireacht inti ar an gcaoi ar úsáideadh na fáltais, lena n-áirítear ar chaiteachais ghlasa, mar cumhdófar é sin i gcleachtaí tuairiscithe ar leith i gcomhréir le Rialacháin gach ionstraime a gcistítear ag NextGenerationEU. Is é atá sa tuarascáil sin cuid amháin de shreabhadh rialta faisnéise chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an chláir cistiúcháin mhórscála agus nuálaigh sin. Is saintréithe d’oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU iad an trédhearcacht agus an chuntasacht.

## 2. Príomhthorthaí an chláir cistiúcháin NextGenerationEU

Le 12 mhí anuas claochlaíodh staid an Choimisiúin i margaí caipitil fiachais. Roimh thosú SURE[1] agus NextGenerationEU, b’eisitheoir beag agus neamhrialta an Coimisiún, a thiomsaíodh méideanna teoranta (EUR 2-3 bhilliún ar an meán thar an tréimhse 2015-2019) chun cláir iasachtaithe amhail an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM) agus Cúnamh macrairgeadais (MFA) a mhaoiniú. Le linn 2021, thiomsaigh an Coimisiún tuairim is EUR 130 billiún - thar EUR 50 billiún le haghaidh chlár SURE, EUR 71 bhilliún le haghaidh NextGenerationEU lena n-áirítear EUR 12 bhilliún i bhfoirm bannaí glasa, agus EUR 12 bhilliún le haghaidh cláir cistiúcháin eile. Mar chuid de chlár cistiúcháin NextGenerationEU, thionscain an Coimisiún clár Billí-AE freisin, faoina raibh EUR 20 billiún i bhfiachas gearrthéarmach gan íoc an 31 Nollaig 2021. Tá an Coimisiún tagtha chun cinn mar cheann de na heisitheoirí is mó d'fhiachais nua in euro agus is é an t-eisitheoir is mó de bhannaí glasa ar domhan faoi láthair.

[1] Is tacaíocht shealadach é SURE atá ar fáil do na Ballstáit nach mór dóibh acmhainní airgeadais suntasacha a shlógadh chun dul i ngleic le hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha agus sóisialta ráig an choróinvíris ina gcríoch. Is féidir le SURE cúnamh airgeadais suas go €100 billiún a chur ar fáil i bhfoirm fiachais ón Aontas chuig na Ballstáit lena mbaineann chun aghaidh a thabhairt ar mhéaduithe tobanna ar chaiteachas poiblí ar mhaithe le fostaíocht a chaomhnú. Is é seo a leanas an bunús dlí le haghaidh SURE: Rialachán (AE) 2020/672 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 maidir le bunú ionstraime Eorpaí le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE) ag eascairt as ráig COVID-19 (IO L 159, 20.5.2020, lch. 1).

Mheall idirbhearta NextGenerationEU uile éileamh ard infheisteoirí agus tugadh chun críche iad ar théarmaí tairbhiúla do bhuiséad an Aontais agus do na Ballstáit. Is ionann an meánchostas cistithe le haghaidh eisiúint NextGenerationEU uile a rinneadh in 2021 agus 0.14 % idir aibíochtaí ó 5-30 bliain. Ba fhabhrach iad na coinníollacha i gcomparáid leis na coinníollacha sin a baineadh amach le príomhfhiachais cheannasacha an limistéir euro a rátáiltear go hard. Cuirtear buntáistí na gcoinníollacha cistiúcháin mealltacha sin ar aghaidh chuig buiséad an Aontais nó chuig na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF).

Treisítear cumas an Choimisiúin cistí a thiomsú ar na téarmaí fabhracha sin ag eisiúint sheasmhach méideanna móra bannaí NextGenerationEU ar fud raon leathan aibíochtaí. Le saintréithe sin na n-eisiúintí cumasaítear leachtacht mhéadaithe sna margaí tánaisteacha le haghaidh bannaí NextGenerationEU, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca d’infheisteoirí na bannaí sin a íoc agus a dhíol. Leis sin, bíonn sé níos tarraingtí d’infheisteoirí bannaí NextGenerationEU a thrádáil, rud a fhágann go mbíonn praghsáil níos fearr ar eisiúint NextGenerationEU mar thoradh air. Tá leachtacht bhannaí NextGenerationEU gar don leibhéal le haghaidh príomhfhiachais cheannasacha de chuid an limistéir euro, arna dtomhas le méadrachtaí caighdeánacha[2].

Rinneadh an chéad idirbheart sindeacáite an 15 Meitheamh 2021, dhá sheachtain tar éis don Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse[3] a theacht i bhfeidhm agus leanadh go tapa é ag dhá cheann eile. Le gníomhachtú mór-scála láithreach an chláir cistiúcháin le linn shamhradh 2021, ceadaíodh don Choimisiún na heisíocaíochtaí uile faoi Phlean Téarnaimh an Aontais a dhéanamh leis na Ballstáit[4] agus leis an mbuiséad a luaithe a raibh siad dlite. Ón 31 Nollaig 2021, tá EUR 64.3 billiún eisíoctha ag an gCoimisiún le 20 Ballstát faoi RRF: EUR 46.4 billiún i bhfoirm deontas, EUR 18 mbilliún i bhfoirm iasachtaí. Rinneadh gach eisíocaíocht laistigh de sé lá oibre tar éis shíniú na gComhaontuithe Maoiniúcháin agus Iasachta. D'éascaigh an Banc Ceannais Eorpach ag a bhfuil cuntais lárnacha NextGenerationEU an eisíocaíocht fiachais thráthúil éifeachtúil sin. I dteannta na méideanna a aistríodh chuig RRF, aistríodh níos mó ná EUR 8.6 billiún ó chistiú comhthiomsaithe NextGenerationEU chuig buiséad an Aontais chun breisithe le haghaidh cláir a chistítear le NextGenerationEU, amhail Fís Eorpach, Ciste InvestEU, ReactEU, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (rescEU), an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus an Ciste um Aistriú Cóir, a chistiú.

Bhí an Coimisiún in ann a eisiúint bannaí a uas-scálú chomh tapa sin go mór mór mar gheall ar an gcnámh scéil láidir spéisiúil maidir le Plean Téarnaimh an Aontais. Ba é toilteanas na mBallstát uile chun seasamh – trína ranníocaíochtaí le buiséid an Aontais amach anseo - le clár cistiúcháin NextGenerationEU an léiriú ba chumhachtaí ab fhéidir ar dhlúthpháirtíocht agus uaillmhian an Aontais mar fhreagairt ar an ngéarchéim. An comhtháthú polaitiúil láidir sin, a comhlánaíodh le rátáil chreidmheasa láidir an Aontais, bhí sé cinntitheach chun a chur ina luí ar infheisteoirí Eorpacha agus idirnáisiúnta go mbaineann an iontaofacht go sonrach leis an bhfiachas nua sin de chuid NextGenerationEU.

Le cur chun feidhme cláir eisiúna bannaí ar an scála sin, ceanglaíodh ar an gCoimisiún freisin fearas cistiúcháin nua a chruthú, beagnach as an nua, fearas trínar féidir idirbhearta móra a

[2] Le linn R2-R3 2021, b’ionann an láimhdeachas míosúil sa mhargadh tánaisteach agus 15 % d’fhiachas NGEU atá gan íoc. Tá an cóimheas sin inchomparáide leis an gcóimheas a fheictear sna margaí Bannaí Rialtais Euro is leachtaí.


[3] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1).

[4] Leis sin cumasaíodh 20 Ballstát chun réamh-mhaoiniú a ndeontas a fháil, cumasaíodh 5 Bhallstát chun réamh-mhaoiniú a n-iasachtaí a fháil, agus cumasaíodh an Spáinn chun íocaíocht a tráthchoda deontais tosaigh a fháil.

dhéanamh ar bhonn rialta. Cé gur soláthraíodh cleachtadh fiúntach leis na seacht idirbheart mhóra SURE (eisiúint chomhcheangailte arbh fhiú EUR 90 billiún), ba ghá le cumas níos struchtúrtha agus níos marthanaí le haghaidh NextGernerationEU. Sainmhíníodh an treoirphlean le haghaidh na straitéise seo i dTeachtaireacht[5] agus i sraith Cinntí a glacadh an 14 Aibreán 2021, lenar leagadh an bhunchloch le haghaidh chlár cistiúcháin NextGenerationEU. Meabhraítear leis an bpicteagram thíos na príomh-gharspriocanna i dtógáil chumas an Choimisiún chun straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chur chun feidhme faoi mar a dhéanfadh stát ceannasach.

5 Teachtaireacht COM(2021)250 maidir le straitéis cistiúcháin nua chun NextGenerationEU a mhaoiniú (a foilsíodh an 14 Aibreán 2021). Féach com2021_250_en_act_part1_v3.pdf (europa.eu).

**Fíor 1: Príomhchéimeanna in oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU (NGEU) a chur ar bun**




Chun na garspriocanna sin a bhaint amach, bhí gá le líon áirithe príomhchumasóirí, lena n-áirítear:

1. Réamhaisnéisiú iontaofa riachtanais eisíocaíochtaí RRF mar phointe tosaigh le haghaidh phleanáil iontaofa na n-eisiúintí bannaí;
2. Bunú Líonra na bPríomhdhéileálaithe i mí na Bealtaine 2021 chun forfheidhmiú éifeachtúil ceantanna agus idirbhearta sindeacáite a éascú agus chun tacú le leachtacht sa mhargadh tánaisteach le haghaidh bhannaí NextGenerationEU. Faoi dheireadh 2021, tugadh cead isteach sa líonra[6] do 42 cheann de bhainc agus de ghnólachtaí infheistíochta atá bunaithe in 12 Bhallstát éagsúla. Áirítear leis sin na príomhghníomhaithe uile atá gníomhach i bhfiachas ceannasach a láithriú agus i bhfiachas Ceannasach, Fornáisiúnta & Gníomhaireachta (SSA) a láithriú. Leis an líonra príomhdhéileálaithe uile-Eorpach sin ligtear don Aontas bannaí agus billí an Aontais a chur leis an mbonn infheisteoirí is leithne is féidir – laistigh agus lasmuigh den Aontas;
3. Seoladh ardáin ceantanna shaincheaptha le haghaidh ceantanna Bannaí-AE agus Billí-AE i mí Mheán Fómhair 2021, ag baint úsáid as córas TELSAT de chuid Banque de France. Is bealach costéifeachtach iad ceantanna chun fiachas a eisiúint i bhfoirm Bannaí-AE agus Billí-AE;
4. Cruthú creata rialachais láidir chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú marthanach oibríochtaí cistiúcháin ar bhealach lena n-íoslaghdaítear príomhrioscaí agus lena n-áirithítear trédhearcacht iomlán agus cuntasacht iomlán. Sa treoirphlean le haghaidh oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU, mar a leagtar amach sa

[6] Tugadh cead isteach don 43ú institiúid ó shin i leith. Is féidir an liosta is déanaí a aimsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin: Líonra na bPríomhdhéileálaithe | An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

Chinneadh Rialachais[7] ó Aibreán 2021, tugtar áit lárnach d'aithint agus do mhaolú rioscaí. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca, atá i seilbh oifige ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann, chun maoirseacht neamhspleách ar gach gné de chlár cistiúcháin NextGenerationEU a chur ar fáil, ar bhonn Bheartas um Riosca Ardleibhéil agus Comhlíonadh NextGenerationEU, a glacadh i mí na Nollag 2021. Tugtar tacaíocht don Phríomhoifigeach Riosca i gcur chun feidhme an bheartais seo leis an gCoiste maidir le Rioscaí agus Comhlíonadh a tháinig le chéile den chéad uair i mí na Nollag 2021.

5. Foilsiú Chreat Bhannaí Glasa NextGenerationEU i mí Mheán Fómhair 2021. Leis an gCreat, atá bunaithe ar Rialachán RRF[8],– agus lena gcomhtháthaítear a lán gnéithe de Chaighdeán Bannaí Glasa an Aontais agus den Tacsanomaíocht, – aithnítear naoi gcatagóir caiteachais incháilithe: fuinneamh inathnuaite, teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh an aistrithe ghlais, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar glan, oiriúnú don athrú aeráide, uisce, dramhaíl, bithéagsúlacht, agus T&N lena dtacaítear leis an aistriú glas. Rinneadh athbhreithniú ar an gcreat ag soláthraí tuairime dara páirtí. Rinneadh an chéad eisiúint bannaí glasa an 12 Deireadh Fómhair 2021, lenar tiomsaíodh EUR 12 bhilliún le húsáid go heisiach le haghaidh infheistíochtaí glasa agus inbhuanaithe ar fud an Aontais. Bhí an t-éileamh ar an gcéad eisiúint bannaí glasa breis is 11 oiread níos mó ná an soláthar, eisiúint a tharraing aird ó raon leathan infheisteoirí, agus tá sé fós ar an eisiúint bannaí glasa is mó ar domhan a tharla riamh.

## 3. Straitéis Cistiúcháin NextGenerationEU a chur ar bun agus a chur chun feidhme

Leis an gcuid sin den tuarascáil scrúdaítear an dul chun cinn maidir le forbairt na n-ocht gcumas a aithníodh sa Teachtaireacht thuasluaite an 14 Aibreán 2021 mar chumais chriticiúla maidir le seachadadh rathúil an chláir cistiúcháin sin.

### 3.1 Pleanáil agus cumarsáid struchtúrtha rún eisiúna

Tá clár cistiúcháin NextGenerationEU bunaithe ar chur chuige struchtúrtha maidir le pleanáil a ghníomhaíochtaí eisiúna i dtimthriallta bliantúla agus 6 mhí. Tacaítear leis an bpleanáil sin trí sholáthar faisnéise mionsonraithe maidir le riachtanais eisíocaíochtaí Plean Téarnaimh, a ndéantar uasdátú orthu ar bhonn rialta.

Tosaítear an timthriall sin le Cinneadh iasachta bliantúil chun cuimse uachtair a shocrú le haghaidh mhéid na heisiúna bannaí agus mhéid an fiachais gan íoc faoi chlár Bhillí-AE. Leis na príomhghnéithe sin cuirtear ancaire daingean ar fáil don Choimisiún de réir mar a eagraíonn sé na hoibríochtaí iasachta. Le Cinneadh bliantúil iasachtaíochta 2021, ceadaíodh don Choimisiún suas go huasmhéid EUR 125 bhilliún a eisiúint in 2021 i gcistiúchán fadtéarmach agus suas go huasmhéid gan íoc EUR 60 billiún i gcistiúchán gearrthéarmach.

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena mbunaítear na socruithe is gá chun na hoibríochtaí iasachtaíochta a riar faoi Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle agus maidir leis na hoibríochtaí iasachtaithe a bhaineann le hiasachtaí a dheonaítear i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; C(2021)2502 final.

[8] Ní mór don chaiteachas ar fad an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a urramú le haghaidh cuspóirí comhshaoil eile. D'fhonn é sin a bhaint amach, comhaontaíonn na Ballstáit sna Comhaontuithe Airgeadais agus Iasachta tuairisc a thabhairt go rialta ar chaiteachais a bhaineann le hinfheistíochtaí glasa.

Ansin ullmhaíonn an Coimisiún plean cistiúcháin chun an féilire eisiúna agus príomhpharaiméadair airgeadais na n-idirbheart atá ar na bacáin a shocrú. Déantar an fhaisnéis sin a chur in iúl go poiblí mar teastaíonn sé ó infheisteoirí chun ullmhú le haghaidh cistí a chionroinnt d'idirbhearta an Choimisiúin, rud trína éascaítear ionsúchán rathúil eisiúint NextGenerationEU ag costas níos ísle. Leis an gcéad phlean cistiúcháin NextGenerationEU socraíodh sprioc de EUR 80 billiún i mbannaí an Aontais.

Ghlac an Coimisiún a Chinneadh bliantúil iasachtaíochta[9] agus d'fhoilsigh sé a chéad phlean cistiúcháin[10] ar an lá céanna agus a tháinig an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse i ngníomh – 1 Meitheamh 2021.

Eisíocaíochtaí chuig na Ballstáit faoi RRF – arb ionann iad agus 90 % d'íocaíochtaí faoi NextGenerationEU – tá siad faoi réir roinnt éiginnteachta maidir leis an uainiú beacht agus na méideanna beachta. Sa chás ina n-imíonn na riachtanais eisíocaíochta iarbhír ó na réamhaisnéisí bunaidh, d'fhéadfadh gá a bheith ann leis an bplean cistiúcháin a athbhreithniú. Rinneadh athbhreithniú den sórt sin ar phlean cistiúcháin L2 2021 i mí na Samhna 2021, tráth a ndearnadh an sprioc cistiúcháin a athbhreithniú síos beagán, rud lena léirítear measúnú nuashonraithe ar na riachtanais íocaíochta faoi Ionstraim Théarnaimh NextGenerationEU[11]. Ar bhonn na sprice athbhreithnithe sin, d'eisigh an Coimisiún EUR 70 992 bhilliún euro i mbannaí in 2021. Áirítear gach eisiúint banna agus bille NextGenerationEU a rinneadh in 2021 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil seo.

An 14 Nollaig 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Cinneadh bliantúil iasachtaíochta 2022[12] agus an plean cistiúcháin agus an féilire eisiúna le haghaidh Eanáir go deireadh mhí an Mheithimh 2022[13]. Le Cinneadh bliantúil iasachtaíochta 2022, ceadaítear don Choimisiún suas go huasmhéid EUR 140 billiún a eisiúint in 2022 i gcistiúchán fadtéarmach agus suas go huasmhéid gan íoc EUR 60 billiún i gcistiúchán gearrthéarmach. Le plean cistiúcháin L1 2022, foráiltear eisiúint EUR 50 billiún i mBannaí fadtéarmacha an Aontais idir Eanáir agus Meitheamh 2022, atá le comhlánú le Billí gearrthéarmacha an Aontais. Glacadh plean cistiúcháin L1 2022 tar éis athbhreithniú ag an bPríomhoifigeach Riosca.

Cuirtear san áireamh freisin i bpleanáil eisiúna NextGenerationEU an dearcadh níos fadtéarmaí is gá ionas go ndéanfar aisíocaíocht sheasta agus chéimnitheach fiachais de réir mar a aibeoidh sé. I gcomhréir le ceanglais an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse, tá an Coimisiún ag pleanáil aibíochtaí a eisiúna agus na haisíocaíochtaí lena mbaineann ar chaoi ionas go laghdófar dliteanas NextGenerationEU go socair agus go hintuartha thar an tréimhse go dtí 2058.

### 3.2 Comhordúchán éifeachtach le heisitheoirí náisiúnta agus eisitheoirí piaraí

B'uirlis thábhachtach é foilsiú na bpleananna cistiúcháin 6 mhí, lena n-áirítear an féilire eisiúna, chun comhordú le hoifigí bainistíochta fiachais fornáisiúnta agus náisiúnta a reáchtálann cláir árachais mhóra chun freastal ar a riachtanais chistiúcháin.

[9] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoi NextGenerationEU le haghaidh 2021 C/2021/3991 final.

[10] factsheet_funding_plan_jan-jun-2022.pdf (europa.eu)

[11] factsheet_funding_plan_v7.pdf (europa.eu)

[12] Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2021 lena mbunaítear an creat maidir le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoi NextGenerationEU le haghaidh 2022 C/2021/9336 final.

13 factsheet_funding_plan_jan-jun-2022.pdf (europa.eu)

Ina theannta sin, chuir an Coimisiún faisnéis ar fáil roinnt uaireanta do Choiste BUDG de chuid Pharlaimint na hEorpa agus don Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais maidir le hoibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU. Tá sé rannpháirteach i gcruinnithe den Fhochoiste um Margaí Fiachais Cheannasaigh an Aontais Eorpaigh (ESDM) de chuid an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais, ina mbíonn cur chun feidhme chlár cistiúcháin NextGenerationEU ina mhír rialta ar an gclár oibre.

### 3.3 Bainistíochta leachtachta láidir chun freastal ar insreafaí agus eis-sreafaí

Is príomhshlat tomhais le haghaidh rath NextGenerationEU é cumas an chláir chun na méideanna uile a eisíoc de réir mar a bheidh siad dlite le híoc (nó le haisíoc) agus chun an riachtanas cistí a thiomsú i ndálaí margaí míthráthúla a sheachaint. Maidir leis sin, tá fíorthábhacht ag baint le cur chuige réamhghníomhach i ndáil le bainistíocht leachtachta agus leis an gcumas chun cistí a thiomsú ar théarmaí tarraingteacha ar ghearrfhógra.

Ó thús na n-oibríochtaí cistiúcháin, bhí maolán airgid stuamachta athraitheach ag an gCoimisiún mar choimirce thábhachtach in aghaidh easnaimh leachtachta a d’fhéadfadh an Coimisiún a chosc ó fhreastal ar iarrataí ar eisíocaíocht ar mhodh tráthúil. D’fhonn na sealúchais leachtachta sin a bhainistiú, bhunaigh an Coimisiún cuntas ag BCE in 2021, ionas nach mbeidh na sealúchais airgid fíorthábhachtacha sin faoi réir riosca contrapháirtí.

Tacaíodh leis an maolán leachtachta ag úsáid an raoin iomlán ionstraimí faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a chuireann ar fáil don Choimisiún an tsolúbthacht is gá chun freastal ar insreafaí agus eis-sreafaí. Áiríodh leis sin in Iúil/Lúnasa 2021 úsáid na línte creidmheasa. Leis na línte creidmheasa sin cumasaíodh don Choimisiún chun freastal ar na hiarrataí ar íocaíocht uile ó na Ballstáit le haghaidh réamh-mhaoiniú a bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta le linn an tsamhraidh agus chun rósholáthar bannaí do mhargadh neamhleachtach a sheachaint an tráth céanna. Tá na méideanna a tiomsaíodh trí na línte creidmheasa sin aisíoctha anois ina n-iomláine.

Ó bhí Meán Fómhair 2021 ann, bhí an Coimisiún in ann clár Bhillí an Aontais a úsáid chun leachtacht a thiomsú ar théarmaí iomaíocha. Idir an 15 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2021, d’eagraigh an Coimisiún seacht gceant Bhille-AE, lenar tiomsaíodh EUR 25 bhilliún le Billí-AE 3 mhí agus 6 mhí, lena n-áirítear EUR 5 bhilliún a d’aibigh i mí na Nollag 2021. -0.78 % a bhí sa mheántoradh ualaithe a fuarthas do na ceantanna agus b’ionann an meánchóimheas tairisceana-cumhdaigh (arbh é an méid a iarradh i gcomparáid leis an méid a tairgeadh i gceant é) agus 2.55x. Léiríonn an dá mhéadracht araon éileamh láidir ó na Príomhdhéilealaithe inár líonra agus léirítear leo oibríochtaí cistiúcháin ghearrthéarmach láidre.

Trí na modhanna sin chun leachtacht a bhainistiú a thabhairt dó féin, bhí an Coimisiún in ann freastal ar na hiarrataí ar íocaíocht uile laistigh de 6 lá.

### 3.4 Cumas láidir forfheidhmithe chun oibríochtaí cistiúcháin aonair a dhéanamh

Neartaigh an Coimisiún a gcumais forfheidhmithe cistiúcháin, rud lena gcumasaítear dó meascán d’fhormáidí idirbheart a úsáid chun freastal ar riachtanais cistiúcháin NextGenerationEU: sa chéad 6 mhí, d’úsáid an Coimisiún cúig idirbheart shindeacáite, dhá bhanna agus seacht gceant billí, eisiúintí agus sconnaí nua, agus línte creidmheasa.

Ba iad seo a leanas an dá ghné ba thábhachtaí den chumas feabhsaithe:

**a) Líonra Príomhdhéileálaithe uile-Eorpach a chur ar bun**

Tar éis glao ar léiriú spéise a sheoladh,[14] d'fhoilsigh an Coimisiún an 31 Bealtaine 2021 liosta de 39 gcinn de bhainc agus de ghnólachtaí infheistíochta ar éirigh leo iarratas a dhéanamh ar a Líonra Príomhdhéileálaithe. Tá an t-inscríobh ar oscailt ar bhonn rollach do chomhaltaí de líonraí príomhdhéileálaithe náisiúnta nó líonraí príomhdhéileálaithe eile an Aontais. Ón 31 Nollaig 2021, bhí 42 cheann de bhainc agus de ghnólachtaí infheistíochta ag an gCoimisiún mar phríomhdhéileálaithe Aontais, a bhí lonnaithe in 12 Bhallstát, agus samhail ghnó éagsúla acu, lena n-áirítear gach príomhghníomhaí atá bainteach le fiachas ceannasach agus fiachas SSA a láithriú, agus a bhfuil oibríochtaí ar fud an domhain acu.

Coimeádann an Coimisiún idirphlé ar bun leis na Príomhdhéileálaithe (lena n-áirítear trí aiseolas struchtúrtha). Áirithíonn sé chomh maith go bhfuil roghnú na bPríomhdhéileálaithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite bunaithe ar chur i bhfeidhm dian critéar cainníochtúla agus cáilíochta, arna gcomhtháthú le cur i bhfeidhm fachtóra uainíochta chun a áirithiú nach sainordaítear na bainc chéanna i gcónaí.

**b) Ardán ceantála úrscothach a chur ar bun**

Le tacaíocht ó Banque de France, bhunaigh an Coimisiún in 2021 ardán ceantála le haghaidh Bhillí agus Bhannaí an Aontais. Nascadh na príomhdhéileálaithe le córas TELSAT de chuid Banque de France le linn shamhradh 2021, rud lenar ligeadh don Choimisiún an chéad cheant Bhillí an Aontais a sheoladh an 15 Meán Fómhair 2021 agus an chéad cheant bannaí a sheoladh an 27 Meán Fómhair 2021.

Leis an ardán ceantála ligeadh don Choimisiún clár rialta ceantanna a bhunú, mar aon lena idirbhearta sindeacáite.

Idir an 15 Meán Fómhair agus an 31 Nollaig 2021, d'eagraigh an Coimisiún seacht gceant le haghaidh Billí-AE, lenar tiomsaíodh EUR 25 bhilliún le Billí-AE 3 mhí agus 6 mhí, ar tháinig EUR 5 bhilliún acu chun aibíochta i mí na Nollag 2021. Ina theannta sin, thiomsaigh an Coimisiún EUR 5 bhilliún trí dhá cheant bannaí.

### 3.5 Rialachas láidir agus córais bhainistíochta riosca láidre

Bhunaigh an Coimisiún creat rialachais soiléir agus láidir chun príomhphróisis chinnteoireachta (e.g. Cinneadh iasachta bliantúil), módúlachtaí cur chun feidhme (plean cistiúcháin) agus cumais (e.g. idirbhearta sindeacáite agus ceantanna) na n-oibríochtaí cistiúcháin a struchtúrú agus chun maoirseacht láidir agus neamhspleách a áirithiú. Rinneadh trácht orthu sin thuas.

Áirítear an gá le riosca atá an go fóill a aithint, a íoslaghdú agus a bhainistiú mar dhlúthchuid de gach príomhphróiseas gnó i gclár cistiúcháin NextGenerationEU. An fhéidearthacht chun dul i muinín straitéise cistiúcháin éagsúlaithe, is modh é sin ann féin chun na rioscaí maidir le gan a bheith in ann riachtanais Phlean Téarnaimh a chistiú in am nó ar théarmaí réasúnta a íoslaghdú. D'fhonn béim mharthanach agus dhian ar íoslaghdú riosca a áirithiú, cheap an Coimisiún Príomhoifigeach Riosca agus Oifigeach um Chomhlíonadh, bhunaigh sé Coiste maidir le Rioscaí agus Comhlíonadh a thacaíonn leis an bPríomhoifigeach Riosca, agus ghlac sé Beartas maidir le Riosca Ardleibhéil agus Comhlíonadh.

I mí an Mheithimh 2021 cheap an Coimisiún an Príomhoifigeach Riosca, a chuaigh i mbun oifige an 1 Meán Fómhair 2021. Tharraing an Príomhoifigeach Riosca suas Beartas maidir le Riosca Ardleibhéil agus Comhlíonadh, a d'fhormhuinigh an Coiste maidir le Rioscaí agus

[14] Cinneadh (AE, Euratom) 2021/625 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le bunú líonra na bpríomhdhéileálaithe agus sainiú na gcritéar incháilitheachta le haghaidh príomhshainorduithe agus comh-phríomhshainorduithe le haghaidh idirbhearta sindeacáite chun críoch gníomhaíochtaí iasachtaíochta ag an gCoimisiún thar ceann an Aontais agus an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Comhlíonadh agus a d'fhormheas an Coimisinéir um Buiséad agus um Riarachán, Johannes Hahn an 1 Nollaig 2021. Is é atá sa bheartas sin creat iomchuí um bainistíocht riosca agus comhlíonadh le haghaidh mhaoirseacht na rioscaí agus na n-ábhar a bhaineann le comhlíonadh a eascraíonn as cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta, bainistíochta fiachais agus iasachtaithe NextGenerationEU agus leagtar leis an mbeartas na bearta maolaithe agus na nósanna imeachta faireacháin iomchuí. Áirithíonn an Príomhoifigeach Riosca go gcuirtear an beartas chun feidhme ar bhealach cuimsitheach agus comhsheasmhach, agus tuairiscíonn sé gach bliain don Choimisiún maidir le cur chun feidhme an bheartais sin.

### 3.6 Réitigh chúloifige, íocaíochta agus chuntasaíochta atá oiriúnach dá bhfeidhm

Threisigh an Coimisiún a fheidhmeanna cúloifige agus cuntasaíochta d'fhonn forfheidhmiú éifeachtúil, cumas iniúchta agus cuntasacht gach idirbheart a áirithiú. Go sonrach:

- Chuir an Coimisiún a chóras taifeadta agus áirithinte idirbheart in oiriúint in am ionas go bhfuil gach idirbheart iasachtaíochta agus iasachtaithe arna dtaifead i gceart sa chóras ó thús oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU i mí an Mheithimh 2021.
- Mar aon le BCE chuir an Coimisiún sonraí na mBallstát in áireamh sna córais íocaíochta agus rinne sé na córais sin a thástáil leis na Ballstáit ionas gur féidir gach íocaíocht leis na Ballstáit a phróiseáil go slán, go tapa agus tráth ar bith.
- Rinne an Coimisiún Clár Eisiúna Fiachais de chuid an Aontais Eorpaigh agus EURATOM an 4 Meitheamh 2021 a thabhairt cothrom le dáta chun, *inter alia*, ceantanna a chur san áireamh.
- Mar aon lena Ghníomhaire Eisiúna bhunaigh an Coimisiún nósanna imeachta nua le haghaidh ceantanna, rud a d'fhág go bpróiseáiltear gach idirbheart príomhúil go rianúil ar an dáta socraíochta.
- D'ullmhaigh an Coimisiún an córas áirithinte ionas gur féidir na ráitis airgeadais a tháirgeadh i gceart agus ionas gur féidir le hiniúchóir seachtrach iad a iniúchadh ar mhodh tráthúil.

### 3.7 Iasachtaí Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta mealltacha

Faoi NextGenerationEU, tugtar de chumhacht don Choimisiún suas go EUR 385 bhilliún a eisiúint chun iasachtaí RRF do na Ballstáit a mhaoiniú. Faoi dheireadh 2021 bhí beagnach 40 % d'imchlúdach iasachta iomlán RRF leithdháilte ar sé Bhallstát[15] ar formheasadh a n-iarratais ar iasacht. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht iasachta a iarraidh go dtí an 31 Lúnasa 2023.

Bhí buntáistí an-mhór ag gabháil leis na téarmaí a tairgeadh ar na hiasachtaí sin, a bhuí le heisiúintí ardrátáilte agus éileamh infheisteora láidir an Aontais (agus an t-éileamh 7 n-oiread suas le beagnach 14 oiread níos mó ná an soláthar i gcás na sindeacáitithe bannaí). Téarmaí agus coinníollacha eile na n-iasachtaí do na Ballstáit a fhaigheann na hiasachtaí, tá siad ceaptha freisin chun foinse mealltach maoinithe stáit a dhéanamh de na hiasachtaí. Déanfaidh na Ballstáit aisíocaíochtaí amúchta, ag tosú tar éis tréimhse cairde 10 mbliana, rud lena ligtear do na Ballstáit tairbhe a bhaint as an bhfás arna eascairt as athchóiriú agus infheistíocht sula dtosaíonn siad na aisíocaíochtaí. I ndiaidh na chéad tréimhse cairde, déanfaidh na Ballstáit aisíocaíochtaí bliantúla de 5 % de na méideanna eisíoctha. Le leathadh na n-aisíocaíochtaí sin thar thréimhse ama, seachnófar buaicthréimhsí aisíoctha le haghaidh bhuiséad an Aontais agus na mBallstát araon. Cuirfear an cur chuige sin maidir le hiasachtaí a athstruchtúrú chun feidhme ar an gcaoi chéanna le haghaidh gach Ballstát a fhaigheann iasachtaí.

[15] An Chipir, an Ghréig, an Iodáil, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóivéin.

I mí Iúil 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún Cinneadh[16] lena leagtar amach an chaoi a leithdháiltear na costais arna dtabhú le haghaidh cistiú comhthiomsaithe NextGenerationEU ar na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí RRF agus ar bhuiséad an Aontais. Leithdháiltear na costais ábhartha ar na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí agus ar bhuiséad an Aontais ar bhonn a scaire coibhneasta den tacaíocht airgeadais a fuarthas. Leis an modheolaíocht sin maidir le leithdháileadh costas agus lena cur chun feidhme, áiritheofar bonn atá oibiachtúil, cothrom agus atá doiciméadaithe go soiléir le haghaidh na scaire faoi seach de na costais uile a ríomh agus a leithdháileadh ar bhuiséad an Aontais nó ar na Ballstáit a fhaigheann iasachtaí RRF.

### 3.8 Cumarsáid éifeachtach agus for-rochtain infheisteora

Ó thús oibríochtaí cistiúcháin NextGenerationEU, d'fhorbair an Coimisiún straitéis chuimsitheach um chaidreamh le hinfheisteoirí agus sraith uirlisí chun nasc a dhéanamh lena bhonn infheisteoirí:

- An lá a rinneadh an cur i láthair maidir lena straitéis cistiúcháin éagsúlaithe, sheol an Coimisiún suíomh gréasáin cuimsitheach[17] chun na páirtithe leasmhara uile, an pobal i gcoitinne agus infheisteoirí a chur ar an eolas faoina oibríochtaí cistiúcháin.
- Thosaigh an Coimisiún ag eisiúint nuachtlitreacha 'Iasachtaíocht an Aontais le haghaidh an Téarnaimh', lenar ligeadh don Choimisiún cumarsáid a dhéanamh le pobal na n-infheisteoirí ar bhealach rialta agus trédhearcach. Tá an chéad dá eagrán den nuachtlitir ar fáil ar líne ar shuíomh gréasáin 'An tAontas Eorpach mar iasachtaí', agus tá an síntiús ar oscailt do na páirtithe leasmhara uile.
- Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le hinfheisteoirí ar fud an domhain trí chuairteanna struchtúrtha ('taispeántais bhóthair'), d'eagraigh sé glaonna infheisteoirí domhanda i mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2021, agus reáchtáil sé trí chruinniú Líonra Príomhdhéileálaithe.
- Coinníonn an Coimisiún a leathanach féin ar theirminéal Bloomberg, áit a gcuireann sé faisnéis fíor-ama maidir lena cheantanna ar fáil do phobal na n-infheisteoirí.
- Chun an pobal níos leithne a chur ar an eolas faoina chuid oibre, ullmhaíonn agus scaipeann an Coimisiún ábhar rialta don phreas – atá ar fáil i gcónaí ar a shuíomh gréasáin, agus cuireann sé faisnéis fíor-ama ar fáil trí na meáin shóisialta – Twitter, LinkedIn. Labhair an Coimisinéir Johannes Hahn agus saineolaithe an Choimisiúin Eorpaigh go rialta leis an bpreas chun tuilleadh faisnéise a chur ar fáil.
- Le cúnamh ón mBanc Eorpach Infheistíochta tá an Coimisiún ag cur bunachar sonraí Caidrimh Infheisteoirí ar bun, lena gcuideofar leis an gCoimisiún a gcaidrimh le hinfheisteoirí a bhainistiú ar bhealach struchtúrtha trí fhaireachán gníomhach a dhéanamh ar iompar infheisteoirí agus treochtaí infheisteoirí, d'fhonn gníomhaíochtaí for-rochtana riachtanacha margaidh agus infheisteora a aithint agus staidreamh a tháirgeadh chun críoch bainistíochta agus cumarsáide.

## 4. Conclúid

Le 12 mhí anuas, d'athraigh an Coimisiún óna bheith ina eisitheoir beag, a thiomsaíodh cistí chun cláir iasachtaithe measartha beag amhail an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM) agus Cúnamh macrairgeadais (MFA) a mhaoiniú, chun a bheith ar ceann de na heisitheoirí in euro is mó. D'eisigh sé EUR 130 billiún le linn 2021 (EUR 71 bhilliún le haghaidh NextGenerationEU) agus féadfaidh sé tuairim is EUR 150 billiún a eisiúint in aghaidh na bliana le linn na tréimhse 2021-26.

[16] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1095 ón gCoimisiún an 2 Iúil 2021 lena mbunaítear an mhodheolaíocht chun costais a leithdháileadh a bhaineann le hoibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais faoi NextGenerationEU C/2021/4864

[17] An tAontas Eorpach mar iasachtaí – caidreamh le hinfheisteoirí | An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

An bonneagar agus na próisis uile a raibh gá leo chun an clár cistiúcháin mórscála sin a chur chun feidhme, cuireadh i bhfeidhm iad níos tapúla ná riamh. Leis sin ligeadh do chistiú NextGenerationEU a thosú an 15 Meitheamh 2021, dhá sheachtain tar éis chomhlíonadh na gcoinníollacha dlíthiúla uile chun an clár iasachtaíochta sin a thosú. Na suimeanna uile a bhí dlite do bhuiséad an Aontais nó do na Ballstáit, íocadh iad laistigh de 6 lá oibre ó chur i gcrích na bhfoirmiúlachtaí. Ní raibh aon mhoill ann. Forghníomhaíodh gach idirbheart NextGenerationEU ar bhealach cumasach teicniúil agus baineadh tairbhe as tacaíocht mhargaidh an-láidir leo (bhí an t-éileamh 7 n-oiread suas le 14 oiread níos mó ná an soláthar i gcás na leabhar orduithe). Dúnadh idirbhearta ar théarmaí fabhracha (0.14 % de chostas an chistithe ar an meán le haghaidh idirbhearta 2021), agus trádáiltear bannaí an Aontais ar aon chéim le príomhfhiachais cheannasacha de chuid an limistéir euro (seachas eisitheoirí SSA eile).

Tús is ábhar mór misnigh é le haghaidh chlár NextGenerationEU na torthaí sin. Is í an tosaíocht le haghaidh na mblianta atá amach romhainn cur leis an tús maith sin agus ardleibhéal marthanach forghníomhaithe a sheachadadh ar fud na n-idirbheart uile.

Mar fhocal scoir, le NextGenerationEU tugtar uirlis chumhachtach don Aontas chun an téarnamh a chistiú agus chun imeacht as an éigeandáil níos athléimní, níos cothroime agus níos glaise. Chomh maith leis sin, neartaíodh ról idirnáisiúnta an euro leis, cuireadh le forbairt na margaí caipitil fiachais Eorpaigh leis agus treisíodh an tAontas Baincéireachta leis, trí chuidiú le bainc caipiteal rialaitheach a éagsúlú. Le cur chun feidhme na hionstraime thar na míonna agus blianta atá amach romhainn, tugtar deis chun na buntáistí sin a chomhdhlúthú.

**Iarscríbhinn. Forléargas ar eisiúintí bannaí agus billí**

**Fíor 1: Forléargas ar cheantanna idirbhearta sindeacáite agus bhannaí NextGenerationEU (NGEU)**

| Ionstraim | Trádáil Dáta | Dáta Socraíochta | Aibíocht | | An méid a eisíodh (billiún EUR) |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | dáta | blianta | |
| **2021 R2** | | | | | |
| **NGEU #1 sindeacáitiú** | 15-06-2021 | 22-06-2021 | 04-07-2031 | 10 | 20 |
| **NGEU #2 sindeacáitiú** | 29-06-2021 | 06-07-2021 | 06-07-2026 | 5 | 9 |
| | | | 06-07-2051 | 30 | 6 |
| **2021 R3** | | | | | |
| **NGEU #3 sindeacáitiú** | 13-07-2021 | 20-07-2021 | 04-07-2041 | 20 | 10 |
| **NGEU #4 sindeacáitiú** | 14-09-2021 | 21-09-2021 | 04-10-2028 | 7 | 9 |
| **Ceant bannaí #1** | 27-09-2021 | 29-09-2021 | 06-07-2026 | 5 | 2 495 |
| **2021 R4** | | | | | |
| **NGEU #5 sindeacáitiú bannaí glasa** | 12-10-2021 | 19-10-2021 | 04-02-2037 | 15.3 | 12 |
| **Ceant bannaí #2** | 25-10-2021 | 27-10-2021 | 04-10-2028 | 7 | 2 497 |
| | | | | **Iomlán** | 70 992 |

**Fíor 2: Forléargas ar cheantanna Bhillí an Aontais**

| Ionstraim | Dáta Trádála | Dáta Eisíoctha | Aibíocht | | An méid a eisíodh (EUR) |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | dáta | mí | |
| **2021 R3** | | | | | |
| **Ceant Bhillí an Aontais #1** | 15-09-2021 | 17-09-2021 | 03-12-2021 | 3 mhí | 2 999 000 000 |
| | | | 04-03-2022 | 6 mhí | 1 997 000 000 |
| **Ceant Bhillí an Aontais #2** | 22-09-2021 | 24-09-2021 | 03-12-2021 | 3 mhí | 1 997 000 000 |
| | | | 04-03-2022 | 6 mhí | 1 996 000 000 |
| **2021 R4** | | | | | |
| **Ceant Bhillí an Aontais #3** | 06-10-2021 | 08-10-2021 | 07-01-2022 | 3 mhí | 2 996 000 000 |
| | | | 08-04-2022 | 6 mhí | 1 996 000 000 |
| **Ceant Bhillí an Aontais #4** | 20-10-2021 | 22-10-2021 | 07-01-2022 | 3 mhí | 1 499 000 000 |
| | | | 08-04-2022 | 6 mhí | 1 499 000 000 |
| **Ceant Bhillí an Aontais #5** | 03-11-2021 | 05-11-2021 | 04-02-2022 | 3 mhí | 1 497 000 000 |
| | | | 06-05-2022 | 6 mhí | 1 496 000 000 |
| **Ceant Bhillí an Aontais #6** | 17-11-2021 | 19-11-2021 | 04-02-2021 | 3 mhí | 998 000 000 |
| | | | 06-05-2022 | 6 mhí | 994 000 000 |
| **Ceant Bhillí an Aontais #7** | 01-12-2021 | 03-12-2021 | 04-03-2021 | 3 mhí | 1 495 000 000 |
| | | | 03-06-2022 | 6 mhí | 1 496 000 000 |